## Taisteal Baile

Ba cheart do gach oifigeach/fostaí a úsáideann a f(h)eithicil chun dualgais oifigiúla BOO a chur chun cinn a chinntiú go gcloíonn sé/sí leis an méid seo a leanas;

- Ceanglais dhlíthiúla maidir le ceadúnas tiomána, ceadúnas feithicle agus árachas gluaisteán. Ní mór fianaise air sin a chur ar fáil nuair a iarrtar í;
- Íocfar le héilitheoir atá údaraithe a (h)iompar féin a úsáid laistigh den ráta míleáiste mótair iomchuí arna fhormheas ag an Aire agus beidh na rátaí sin socraithe de réir na heach-chumhachta mar a mheastar le haghaidh críocha cláraithe;
- Foráiltear sa pholasaí árachais gluaisteán slánaíocht do BOOÁCDL ar thaisteal a bhaineann le gnó a tabhaíodh. Tá ar an éilitheoir a chinntiú go gcuirfear a s(h)oláthraí árachais ar an eolas faoi chineál agus méid an taistil ar tugadh faoi thar ceann BOOÁCDL. Ní mór Dearbhú Slánaíochta comhlánaithe atá cothrom le dáta a chur faoi bhráid na Ceannoifige; Níl BOOÁCDL faoi dhliteanas i leith aon chostas breise a fhéadfaidh an sealbhóir polasaí a thabhú.
- Ba cheart an bealach is giorra agus is tíosaí a úsáid;
- Tá geallagair uasmhéadaithe i.e., sa chás go dtaistealaíonn níos mó ná duine amháin go háit áirithe agus uaithi, ba cheart nach n-úsáidfí ach feithicil amháin nuair is indéanta;
- Nuair is féidir, ba cheart iompar poiblí a úsáid. I gcás taistil taobh amuigh de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, ba cheart iompar poiblí a úsáid, mura bhfuil sé dodhéanta nó neamhphraiticiúil;
- Nuair is indéanta, cuirtear cúrsa taistil seachtainiúil faoi bhráid an bhainisteora líne ina leagtar amach taisteal beartaithe agus taisteal a bhfuiltear ag súil leis don tseachtain;
- Tá speansais taistil agus chothaithe le héileamh ar líne, ar bhonn míosúil, trí thairseach agus íocaíochtaí thairseach Core í a úsáid trí ESBS (Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais). Ní íoctar as speansais taistil ach as míleáiste iarbhír a tabhaíodh;
- Ríomhtar speansas taistil a tabhaíodh trí Léarscáileanna Google a úsáid;
- Ní mór gach admháil lena n-áirítear páirceáil, Luas, etc, a uaslódáil agus a éileamh tríd an Tairseach Speansas in CORE;

- Ní íocfar as speansais taistil maidir le haon chuid de thuras lena gclúdaítear gnáthbhealach éilitheora ar fad nó cuid de idir baile agus an áit oibre;

- Ní mór gach éileamh Taistil agus Cothaithe a chur isteach laistigh de 8 seachtaine ó dheireadh na míosa inar tabhaíodh an costas;

- Áireofar éilimh de bhreis ar 8 seachtaine sa phróiseas athbhreithnithe inar féidir le héilitheoirí an aisíocaíocht a iarraidh ar chostas is bun leis an éileamh Taistil agus Cothaithe a tabhaíodh. Ceanglófar ar an éilitheoir a chruthú gur thug sé/sí faoi gach turas, agus gach cuid de gach turas, ar an dáta a éilítear. Éileofar fianaise dhoiciméadach maidir leis an éileamh ina iomláine i ngach cás, rud a ndéanfaidh beirt nach mbaineann leis an éileamh measúnú air. Mura bhfuil an fhianaise áititheach go leor, dícheadófar an t-éileamh. Is é sin le rá, is ar an éilitheoir a bheidh an dualgas cruthúnais ina iomláine chun an t-éileamh a fhíorú agus bunús a thabhairt leis;

- Féadfar mionsonraí ar íocaíochtaí Taistil agus Cothaithe arna ndéanamh ag BOOÁCDL a eisiúint mar fhreagairt ar iarrataí a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (i gcomhlíonadh rialacháin RGCS);

- **Liúntas Cothaithe Lae:** Níl liúntas lae iníoctha as neamhláithreacht ar ghnó oifigiúil atá laistigh de 8km ó áit oibre éilitheora nó óna b(h)aile, cibé acu is lú. Níl sé i gceist go gcomhlíonfadh an liúntas cothaithe iníoctha an costas cothaithe iomlán nuair atá éilitheoir as láthair ón teach cónaithe nó ón áit oibre agus níl sé i gceist go mbeadh sé ina fhoinse luacha saothair nó brabúis. Tá dhá Ráta Cothaithe ann – (i) 5 uair a chloig ach níos lú ná 10 n-uair agus (ii) 10 n-uair nó níos mó.

- **Liúntas Cothaithe Thar Oíche:** Clúdaíonn liúntas thar oíche tréimhse suas le 24 uair an chloig ón am imeachta chomh maith le haon tréimhse bhreise nach mó ná 5 uair a chloig. Níl liúntas thar oíche iníoctha go ginearálta i leith neamhláithreacht riachtanach ar ghnó oifigiúil atá laistigh de 100km ó bhaile an éilitheora nó óna (h)áit oibre (cibé acu is lú). Ach, in imthosca eisceachtúla, agus sa chás go bhfuil an Príomhfheidhmeannach sásta go bhfuil gá oibríochtúil ann, féadfar liúntas thar oíche a íoc as neamhláithreacht ar ghnó oifigiúil ag aon suíomh laistigh de na teorainneacha achair thuas ach de bhreis ar 50 km ó bhaile nó ó áit oibre (cibé acu is lú).

- Taifeadfar gach íocaíocht taistil intíre nó cothaithe leis na Coimisinéirí Ioncaim de réir na gCeanglas Tuairiscithe Feabhsaithe (Tuarascáil ERR).

Tá an beartas seo i gcomhréir leis na Ciorcláin Taistil agus Chothaithe ón Roinn Oideachais/DPER.

## Taisteal Iasachta

Ní mór formheas a lorg ón bPríomhfheidhmeannach sula dtugtar faoi aon taisteal iasachta (lena n-áirítear turais scoile). Seol ríomhphost chuig PaymentsTravel@ddletb.ie chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais.

Ba cheart do gach oifigeach/fostaí a chinntiú go gcloífidh sé/sí leis an méid seo a leanas;

- Ní mór go mbeidh an measúnú riosca riachtanach i bhfeidhm maidir le gach Taisteal Iasachta sula lorgaítear formheas;

- Nuair atá tú ag taisteal thar lear nó nuair atá tú ag socrú thaisteal thar lear do ghrúpa, ceanglaítear ort árachas taistil a shocrú. Tabhair faoi deara nach bhfuil aon chlúdach uathoibríoch i bhfeidhm le haghaidh árachas taistil, ní áirítear árachas taistil i gclúdach árachais caighdeánach BOOÁCDL. Ní áirítear le hárachas taistil Riosca Gnó, i.e. i gcás ina scoireann tionscnóir turas, aerlíne, óstán, etc. de thrádáil;

- Ní mór go n-úsáidfear tionscnóir turas ceadúnaithe nó gníomhaire taistil le haghaidh turais scoile thar lear lena n-áirítear lóistín agus seirbhísí eile. Tá an liosta iomlán de na sealbhóirí ceadúnais reatha ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta www.aviationreg.ie;

- Ní mór gach airgead a íoc leis an tionscnóir turas nó leis an ngníomhaire taistil a roghnaíodh, seachas leis an scoil, an fhoireann nó an comhordaitheoir imeachta (fianaise dhoiciméadach le soláthar). Oibríonn an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta scéim bannaithe do thionscnóirí turas ceadúnaithe agus do ghníomhairí taistil. Maidir le cosaint faoin reachtaíocht chun paisinéirí a aisdúichiú agus aisíocaíocht a sholáthar dóibh siúd a bhfuil bac orthu taisteal thar lear, ní thagann siad i bhfeidhm ach sa chás go ndéantar áirithintí go díreach le gníomhairí taistil agus/nó le tionscnóirí turas. Déan teagmháil le Seirbhísí Corparáideacha le haghaidh comhairle;

- Ní mór go gcloífidh gach éilitheoir leis na rátaí reatha taistil iasachta mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe;

- Ní mór an rogha is tíosaí agus is praiticiúla a roghnú chun dul go dtí an t-aerfort agus imeacht uaidh;

- Ní mór do bhaill foirne atá ag freastal ar chruinnithe/chomhdhálacha etc eitiltí a chur in áirithe tríd an soláthraí taistil ar conradh de chuid BOOÁCDL;

- Ní mór gach admháil cháilithe a bhaineann le turais scoile a uaslódáil agus a éileamh tríd an Tairseach Speansas in CORE;

- Íocfar íocaíochtaí cothaithe as turais arna maoiniú ag Erasmus tar éis an turais. Seol an fhoirm iarratais chomhlánaithe trí ríomhphost chuig paymentsTravel@ddletb.ie le haghaidh aisíocaíochta.

- Ní mór gach éileamh Taistil agus Cothaithe a chur isteach laistigh de 8 seachtaine ó dheireadh na míosa inar tabhaíodh an costas;

- Áireofar éilimh de bhreis ar 8 seachtaine sa phróiseas athbhreithnithe inar féidir le héilitheoirí an aisíocaíocht a iarraidh ar chostas is bun leis an éileamh Taistil agus Cothaithe a tabhaíodh. Éileofar fianaise dhoiciméadach maidir leis an éileamh ina iomláine i ngach cás, rud a ndéanfaidh beirt nach mbaineann leis an éileamh measúnú air. Mura bhfuil an fhianaise áititheach go leor, dícheadófar an t-éileamh. Is é sin le rá, is ar an éilitheoir a bheidh an dualgas cruthúnais ina iomláine chun an t-éileamh a fhíorú agus bunús a thabhairt leis;

- Féadfar mionsonraí ar íocaíochtaí Taistil agus Cothaithe arna ndéanamh ag BOOÁCDL a eisiúint mar fhreagairt ar iarrataí a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (i gcomhlíonadh rialacháin RGCS);

- Taifeadfar gach íocaíocht taistil iasachta agus chothaithe leis na Coimisinéirí Ioncaim de réir na gCeanglas Tuairiscithe Feabhsaithe (Tuarascáil ERR).

Tá an beartas seo i gcomhréir leis na Ciorcláin Taistil agus Chothaithe ón Roinn Oideachais/DPER.